

Scoileanna Glasa Saoránacht an Domhain Bia & Bithéagsúlacht

Cártaí Bairr

Liosta na mBarr a mholtar do Scoileanna atá ag plé leis an Téama:



- Prátaí
- Scailliúin
- Raidis
- Seardas Ildaite
- Seardas na hEilvéise
- Leitís agus Glasarnacht Sailéid:
 - Leitís Dhearg
 - Mizuna
 - Ruachán
 - Mustard
- Sútha Talún
- Cairéid
- Piseanna
- Spionáiste
- Mionphónaire Fhrancach

Prátaí

An Leibhéal Deacrachta: Éadrom An Tráth Fómhair is Túisce: tús mí Meithimh

Obair Ullmhúcháin

Faigh mála Prátaí Póir; Prátaí luatha 'Céadfómhair' más féidir sin. Bíonn seanbhoscaí uibheacha úsáideach freisin nuair a bhítear ag cur na bprátaí ag péacadh.

Ar mhaithe le tuairim a thabhairt faoin méid a bheidh de dhíth: gheobhaidh tú tuairim is 10 bpráta i.e. 10 bplanda nua, as 1kg. NB: Tabhair san áireamh an méid spáis atá ar fáil agat chomh maith. Má chuireann tú 1 kg, beidh aon iomaire amháin 3m ar fhad ag teastáil. Má chuireann tú 5 kg, teastóidh $3m \times 3m = 9m^2$

An Churadóireacht

Faoi dhíon – Ó dheireadh mhí Feabhra, is féidir a bheith ag ullmhú na bprátaí taobh istigh d'fhonn tús maith a chur lena gcuid fáis. Prátaí póir a chur ag péacadh atá i gceist. Is féidir sin a dhéanamh ach na prátaí póir a leagan in íochtar seanbhosca uibheacha agus an chuid sin den phráta aníos óna dtarlaíonn an péacadh. Coinnítear na prátaí gan aon chlúdach, iad gar don fhuinneog ach sábháilte ó sholas díreach na gréine a theacht orthu nó ó theas téitheoirí a d'fhágfadh go dtarlódh seargadh. Tosóidh na prátaí ag péacadh agus is féidir iad a chur tar éis timpeall is 5-6 seachtaine nuair a bhíonn péacadh tuairim is 2.5cm déanta. Aimsir na Féile Pádraig an gnátham chun prátaí a chur amuigh faoin spéir in Éirinn.

Faoin aer – Seachtain na Féile Pádraig, cuirtear na prátaí taobh amuigh. Tá daoine ann ar gnás leo gan a fhágáil ar aon phráta atá á chur sa talamh acu ach trí cinn de phéacáin. Ní mór iad a chur go domhain sa chré, 15cm síos sa talamh. Bíonn neart spáis de dhíth freisin ionas gur féidir leo fás. Moltar 25-30cm a fhágáil idir gach práta san iomaire agus na prátaí a bheith 45cm ó na prátaí sa chéad iomaire eile.

Is féidir prátaí a chur ag fás freisin i málaí nó i bpotáí móra (bíodh méid buicéid ar a laghad iontu). Dhá phráta síl a chuirtear i ngach gabhdán den sórt sin. Cuirtear airde 15cm múirín in íochtar, leagtar na prátaí air sin agus clúdaítear na prátaí arís le airde 15cm eile den mhúirín. Bítear cinnte freisin go bhfuil poill sna málaí nó sna gabhdáin ionas gur féidir leis an uisce éalú astu.

Cúram

Is é an dorchadas is fearr ag na prátaí agus is maith an rud súil a choinneáil orthu agus breis créafóige a chur ina mullach má bhíonn aon bhaol go nochtfaidís. Fásfaidh níos mó prátaí má dhéantar sin agus ní thiocfaidh dath glas orthu.

An Fómhar

Is féidir prátaí luatha nó prátaí céadfómhair a bhaint i mí Meithimh. Bíonn an craiceann ar na prátaí sin an-tanaí agus is maith le daoine iad a bheiriú. Bí ag faire an dtagann bláth ar na plandaí. Má thagann, caith súil go cúramach ar an bpráta thíos faoi agus ba cheart go bhfeicfeá go bhfuil sé ag teannadh le ham a bhainte. Coicís ón am a dtagann na plandaí faoi bhláth, is féidir a bheith ag smaoinemh ar na prátaí a bhaint. Déantar tochailt go cúramach thart orthu le píce nó lián.

Scailliúin

An Leibhéal Deacrachta: Éadrom An Tráth Fómhair is Túisce: deireadh an Aibreáin

Obair Ullmhúcháin

Beidh sorcóirí rolla páipéir leithris de dhíth chomh maith le múirín nó créafóg agus na síolta féin.

An Churadóireacht

Faoi dhíon – I dtús mhí Feabhra, tosaigh ag fás na síolta scailliúin sna múnlaí fáis (sorcóirí rolla páipéir leithris). Cuirtear tuairim is deich gcinn de shíolta i ngach múnla agus clúdaigh go héadrom iad le hairde 1.5cm de chréafóg éadrom.

Faoin aer – I mí Aibreáin (déantar seo roimh laethanta saoire na Cásca sa bhliain 2019), aistrítear na síolphlandaí amach faoin aer agus déantar iad a athchur tuairim is 15cm óna chéile i rónna díreacha, ar a dtugtar druileanna. Beidh na síolphlandaí carntha le chéile, is féidir gach carnán a chur mar a bheadh aon cheann amháin ann. Is féidir spás tuairim is 20cm a fhágáil idir na druileanna. Is fearr a chruthaíonn na plandaí san áit a dtagann solas na gréine orthu agus in ithir óna dtéann an t-uisce le sruth go héasca.

Cúram

Ná lig do shalachar fiailí fás in aice leis na Scailliúin. Is iondúil go ndéanann siad fás tréan agus nach rómhór a chuireann feithidí ná múscán isteach ar an bhfás.

An fómhar

Baintear na Scailliúin nuair a bhíonn airde tuairim is 14cm iontu (thart ar dhá mhí ó thráth a gcurtha). Cuireann siad blas aramatach le sailéad, gan iad baileach chomh géar leis an ngnáthoinniún, ach ó tharla gur iondúil iad a ithe ar aghaidh, gan aon chócaráil, bíonn an blas breá láidir. Is féidir iad a chur le béile suaithfhriochta nó a ghearradh go mion os cionn pláta spaghetti bolognaise chomh maith. Is fearr go mór iad nuair atá siad breá úr agus is é a mholtar an méid a bheidh in úsáid agat aon lá ar bith a bhaint an lá sin agus an chuid eile a fhágáil ag fás sa talamh. Baintear na Scailliúin trína mbogadh go dtagann siad aníos agus aon chréafóg a thagann leo a chroitheadh díobh.

Raidis

An Leibhéal Deacrachta: Éadrom An Tráth Fómhair is Túisce: Mí Bealtaine

Obair Ullmhúcháin

Beidh pacáí síolta de dhíth agus píce tráth an fhómhair.

An Churadóireacht

Faoin aer: Cuir na síolta idir tús an Aibreáin agus mí Bealtaine agus beidh siad fásta faoi cheann idir ceithre agus sé seachtaine. Is é an cleas is fearr na síolta a chroitheadh anuas ar an talamh sa gharraí mar ní maith a théann sé dóibh iad a bhogadh ó thosaíonn siad ag fás. Brúitear maide go deas réidh síos i gcréafóg bhog ionas go ndéantar líne dhíreach tuairim is 1cm síos. Croitear na síolta sa chlais sin ionas go mbíonn siad tuairim is 3cm óna chéile. Fágfaidh sin go bhfásfaidh na raidisí ina rónna néata. Cuirtear créafóg anuas go héadrom orthu agus chomh maith le beagán uisce.

Cúram

Má tharla roinnt de na síolta titim níos gaire dá chéile ná 3cm, is féidir tanúchán a dhéanamh orthu agus iad ag fás. Fágann tanú den sórt sin a dhéanamh ar phlandaí go mbíonn spás ag an gcuid a fhágtar sa talamh fás mar is ceart. Tá seasamh maith in aghaidh na haimsire agus eile sa raidis agus is beag cúram is gá a dhéanamh dóibh agus iad ag fás. Is féidir iad a fhás fiú amháin i réimsí den gharraí nach dtagann oiread sin de sholas na gréine orthu.

An Fómhar

Tá ábhar spíosra sa raidis agus bíonn sé crua briosc faoin bhfiacail. Is minic iad a chur le sailéad, a dipeáil in anlann, nó a chroitheadh anuas ar stobhach puimcín nó ar mhias eile dá leithéid. Is iomaí cineál raidise ar fáil agus d'fhéadfaí rogha a fhás a mbeadh éagsúlacht leo maidir le toirt nó dath.

Seardas Ildaite

An Leibhéal Deacrachta: Éadrom An Tráth Fómhair is Túisce: Iár mí Bealtaine

Obair Ullmhúcháin

Beidh pacáí síolta de dhíth chomh maith le sorcóirí rolla páipéir leithris agus siosúr tráth an fhómhair.

An Churadóireacht

Faoi dhíon: Is féidir tosú i mí na Márta ar na síolta Seardais a chur ag fás i múnlaí. Cóirítear sorcóirí rolla páipéir leithris ina múnlaí agus cuirtear trí cinn de shíolta ag fás i ngach ceann. Ná lig dóibh triomú agus iad ag fás.

Faoin aer: Aistrítear amach faoin aer iad san Aibreán (roimh an gCáisc) nuair a bhíonn oiread fáis déanta agus go bhfuil airde ~3cm iontu. Is ceart tuairim is 30cm a fhágáil idir gach planda nuair a dhéantar iad a athchur. Fágann sin deis fáis acu.

Cúram

Tá seasamh maith sa Seardas in aghaidh na haimsire agus eile. Is fearr a chruthaíonn sé in áit fionnuar tais agus ní ceart dá bharr sin ligean dó triomú agus is maith an rud múirín a chur anuas ar an áit a bhfuil sé curtha.

An Fómhar

Beidh duilleoga seardais réidh le hithe faoi cheann idir cúig agus ocht seachtainí. Is é is fearr na duilleoga is leithne a phiocadh den phlanda taobh amuigh. Tugann sin deis fáis do na duilleoga eile sula dtagann tú á mbaint sin arís. Is féidir suas le leath na nduilleog a bhaint den phlanda tráth ar bith agus tarlóidh athfhás. Is fearr siosúr a úsáid nó casadh bog a bhaint as na duilleoga chun iad a bhaint den phlanda seachas iad a tharraingt go garbh nó a strachailt.

Is féidir duilleoga óga a chur le sailéad. Tugtar cócaráil ar dhuilleoga móra mar a dhéantar le spionáiste. Is breá mar a chuireann seardas le toirtíní agus píogíní, le quiche nó le curaí.

Seardas na hEilvéise

An Leibhéal Deacrachta: Éadrom
An Tráth Fómhair is Túisce: Iár mí Bealtaine

Obair Ullmhúcháin

Beidh pacáí síolta de dhíth chomh maith le sorcóirí rolla páipéir leithris agus siosúr tráth an fhómhair.

An Churadóireacht

Faoi dhíon: Is féidir tosú i mí na Márta ar na síolta Seardais a chur ag fás i múnlaí. Cóirítear sorcóirí rolla páipéir leithris ina múnlaí agus cuirtear trí cinn de shíolta ag fás i ngach ceann. Ná lig dóibh triomú agus iad ag fás.

Faoin aer: Aistrítear amach faoin aer iad san Aibreán nuair a bhíonn oiread fáis déanta agus go bhfuil airde ~3cm iontu. Is ceart tuairim is 30cm a fhágáil idir gach planda nuair a dhéantar iad a athchur. Fágann sin deis fáis acu.

Cúram

Tá seasamh maith sa Seardas in aghaidh na haimsire agus eile. Is fearr a chruthaíonn sé in áit fionnuar tais agus ní ceart dá bharr sin ligean dó triomú agus is maith an rud múirín a chur anuas ar an áit a bhfuil sé curtha.

An Fómhar

Beidh duilleoga seardais réidh le hithe faoi cheann idir cúig agus ocht seachtainí. Is é is fearr na duilleoga is leithne a phiocadh den phlanda taobh amuigh. Tugann sin deis fáis do na duilleoga eile sula dtagann tú á mbaint sin arís. Is féidir suas le leath na nduilleog a bhaint den phlanda tráth ar bith agus tarlóidh athfhás. Is fearr siosúr a úsáid nó casadh bog a bhaint as na duilleoga chun iad a bhaint den phlanda seachas iad a tharraingt go garbh nó a strachailt.

Is féidir duilleoga óga a chur le sailéad. Tugtar cócaráil ar dhuilleoga móra mar a dhéantar le spionáiste. Is breá mar a chuireann seardas le toirtíní agus píogíní, le quiche nó le curaí.

Leitís & Glasarnacht Sailéid Uimh.1

Leitís Dhearg

An Leibhéal Deacrachta: Éadrom
An Tráth Fómhair is Túisce: deireadh an Aibreáin

Obair Ullmhúcháin

Beidh síolta de dhíth chomh maith le sorcóirí rolla páipéir leithris nó tráidirí ísle agus múirín.

An Churadóireacht

Faoi dhíon – Tosaigh i mí Aibreáin (beidh sé sách luath an chuid is mó de na blianta tar éis shaoire na Cásca). Croith na síolta 2-3 cm óna chéile sa mhúirín i bhfeadáin nó ar thráidirí. Cuir uisce orthu agus fan go bpéacann siad, tógfaidh sin beagán le seachtain. Is féidir leitís den chineál seo a fhás taobh istigh, ar leac na fuinneoige sa seomra ranga, ó chuirtear an síol go mbíonn an planda lánfhásta.

Faoin aer – Má tá de rún na plandaí a shaothrú amuigh faoin aer freisin, tosaítear i ndeireadh an Aibreáin trí na síolta a chur i múnlaí fáis sa seomra ranga. Aistrítear amach na plandaí 3-4 seachtaine dár gcionn. Cothaítear seasamh in aghaidh an chruatain sna síolphlandaí (ionas nach athrú róthobann dóibh a bheith amuigh faoin aer) trí níos lú uisce a chur orthu agus an teocht a ísliú ar feadh 3 lá sula ndéantar a n-athchur. Roghnaigh áit a mbíonn scáth áirithe ón ngrian ionas go seachnaítear teas iomarcach ar an bplanda. Cuir na plandaí 20cm óna chéile i rónna 30cm óna chéile.

Cúram

Faoi dhíon- is féidir leitís den chineál seo a fhás taobh istigh, ar leac na fuinneoige sa seomra ranga, ó. Is ceart na síolphlandaí a choinneáil óna bplúchadh agus, mar sin, iad a thanú go mbíonn tuairim is 20cm óna chéile. Tarlaíonn cur isteach ar an bplanda ag easpa nó iomarca solais nó teochta agus tarlaíonn seargadh dá bharr sin nó tréanfás (fás róthobann ar an ngas le hiomarca fuinnimh á chaitheamh ar na síolta agus gan dóthain ar na duilleoga), mar sin ní ceart solas na gréine a ligean go díreach orthu an lá atá te agus ní mór dóthain uisce a choinneáil leo.

Faoin aer- cuir uisce ar na plandaí má tá an lá te, nó má thagann tréimhse triomaigh. Agus bí ag faire an mbeadh seilidí drúchta san áit!

An Fómhar

Is iondúil go mbíonn an planda lánfhásta 6 nó 7 de sheachtainí tar éis don síol péacadh. Is féidir na duilleoga is leithne a bhaint den phlanda roimhe sin. Cé gur iondúil gur ar mhaithe le duilleoga leitíse a shaothraítear an cineál seo, agus go mbaintear na duilleoga nuair atá siad nuafhásta, is féidir leitís dhearg a shaothrú chomh maith go mbíonn tor lánfhásta ar fáil.

Is minic an cineál seo a úsáid le sailéad nó le ceapaire.

Leitís & Glasarnacht Sailéid Uimh.2

Glasarnacht Mizuna

An Leibhéal Deacrachta: Éadrom

An Tráth Fómhair is Túisce: deireadh an Aibreáin

Obair Ullmhúcháin

Beidh síolta de dhíth chomh maith le sorcóirí rolla páipéir leithris nó tráidirí ísle agus múirín.

An Churadóireacht

Faoi dhíon – Tosaigh i mí Aibreáin (beidh sé sách luath an chuid is mó de na blianta tar éis shaoire na Cásca). Ullmhaigh na feadáin nó na tráidirí trí airde 10-15cm ar a laghad de mhúirín a chur iontu. Croith na síolta in uachtar, 2-3cm óna chéile. Cuir uisce orthu agus fan go bpéacann siad, tógfaidh sin beagán le seachtain. Is féidir leitís den chineál seo a fhás taobh istigh, ar leac na fuinneoige sa seomra ranga, ó chuirtear an síol go mbíonn an planda lánfhásta.

Faoin aer – Má tá de rún na plandaí a shaothrú amuigh faoin aer freisin, tosaítear i ndeireadh an Aibreáin trí na síolta a chur i múnlaí fáis sa seomra ranga. Aistrítear amach na plandaí 3-4 seachtaine dár gcionn. Cothaítear seasamh in aghaidh an chruatain sna síolphlandaí (ionas nach athrú róthobann dóibh a bheith amuigh faoin aer) trí níos lú uisce a chur orthu agus an teocht a íslíú ar feadh 3 lá sula ndéantar a n-athchur. Cuir na plandaí 20cm óna chéile.

Cúram

Faoi dhíon- is planda seo is féidir a fhás taobh istigh, i bpotáí ar leac na fuinneoige. Is ceart tanú a dhéanamh ar na síolphlandaí go mbíonn siad tuairim is 20cm óna chéile. Tarlaíonn cur isteach ar an bplanda ag easpa nó iomarca solais nó teochta agus tarlaíonn seargadh dá bharr sin nó tréanfás (fás róthobann ar an ngas le hiomarca fuinnimh á chaitheamh ar na síolta agus gan dóthain ar na duilleoga), mar sin ní ceart solas na gréine a ligean go díreach orthu an lá atá te agus ní mór dóthain uisce a choinneáil leo.

Faoin aer- cuir uisce ar na plandaí má tá an lá te, nó má thagann tréimhse triomaigh. Agus bí ag faire an mbeadh seilidí drúchta san áit!

An Fómhar

Is iondúil go mbíonn an planda lánfhásta 6 nó 7 de sheachtainí tar éis don síol péacadh. Is féidir na duilleoga is leithne a bhaint den phlanda roimhe sin; mura mbaintear na duilleoga is leithne in am tráth, éireoidh siad níos crua agus is fearr ansin cócaráil a thabhairt orthu ná iad a chur le sailéad.

Is rímhaith a oibríonn "baint agus athbhaint" mar mhodh oibre fómhair maidir leis an Mizuna. Ciallaíonn sin gur féidir slám beag duilleog a bhaint de gach planda go rialta agus go ndéanfaidh gach planda acu athfhás. Is féidir ar an gcaoi sin duilleoga a sholáthar go rialta ó na plandaí ar fad ar feadh roinnt seachtainí.

Is féidir freisin iomlán na nduilleog a bhaint d'aon phlanda amháin in aon iarraidh amháin, anuas go dtí tuairim is 3cm aníos ón talamh, agus tarlóidh athfhás duilleog ionas go mbíonn an dara barr ar fáil agat.

Tá blas spíosraí éadroma ar dhuilleoga an chineál seo glasarnachta agus cuireann siad go mór le meascán sailéid nó is deas a théann siad i mbéile suaithfhriochta.

Leitís & Glasarnacht Sailéid Uimh.3

Ruachán

An Leibhéal Deacrachta: Éadrom

An Tráth Fómhair is Túisce: deireadh an Aibreáin

Obair Ullmhúcháin

Beidh síolta de dhíth chomh maith le sorcóirí rolla páipéir leithris nó tráidirí ísle agus múirín.

An Churadóireacht

Faoi dhíon – Tosaigh i mí Aibreáin (beidh sé sách luath an chuid is mó de na blianta tar éis saoire na Cásca). Croith na síolta 2-3cm óna chéile sa múirín i bhfeadáin nó ar thráidirí. Cuir uisce orthu agus fan go bpéacann siad, tógfaidh sin beagán le seachtain. Is féidir Ruachán den chineál seo a fhás taobh istigh, ar leac na fuinneoige sa seomra ranga, ó chuirtear an síol go mbíonn an planda lánfhásta.

Faoin aer – Má tá de rún na plandaí a shaothrú amuigh faoin aer freisin, tosaítear i ndeireadh an Aibreáin trí na síolta a chur i múnlaí fáis sa seomra ranga. Aistrítear amach na plandaí 3-4 seachtaine dár gcionn. Cothaítear seasamh in aghaidh an chruatain sna síolphlandaí (ionas nach athrú róthobann dóibh a bheith amuigh faoin aer) trí níos lú uisce a chur orthu agus an teocht a ísliú ar feadh 3 lá sula ndéantar a n-athchur. Cuir na plandaí 15cm óna chéile sa talamh.

Cúram

Faoi dhíon- is planda seo is féidir a fhás taobh istigh, i bpotáí ar leac na fuinneoige. Is ceart na síolphlandaí a choinneáil óna bplúchadh agus, mar sin, iad a thanú go mbíonn tuairim is 15cm óna chéile. Tarlaíonn cur isteach ar an bplanda ag easpa nó iomarca solais nó teochta agus tarlaíonn seargadh dá bharr sin nó tréanfás (fás róthobann ar an ngas le hiomarca fuinnimh á chaitheamh ar na síolta agus gan dóthain ar na duilleoga), mar sin ní ceart solas na gréine a ligean go díreach orthu an lá atá te agus ní mór dóthain uisce a choinneáil leo.

Faoin aer- cuir uisce ar na plandaí má tá an lá te, nó má thagann tréimhse triomaigh. Agus bí ag faire an mbeadh seilidí drúchta san áit!

An Fómhar

Is féidir duilleoga a bhaint de na plandaí nuafhásta ach má ligtear do roinnt acu aibiú, tiocfaidh méid iontu agus blas níos láidre, cosúil le piobar. Is iondúil go mbíonn an planda lánfhásta 6 nó 7 de sheachtainí tar éis don síol péacadh. Is féidir na duilleoga is leithne a bhaint den phlanda roimhe sin. Cé gur iondúil gur ar mhaithe le duilleoga leitise a shaothraítear an cineál seo, agus go mbaintear na duilleoga nuair atá siad nuafhásta, is féidir leitís dhearg a shaothrú chomh maith go mbíonn tor lánfhásta ar fáil.

Tá blas spíosra aramatach ar an ruachán ach níl dó ann. Is breá a théann sé le sailéad nó le ceapaire. Cuireann sé freisin le meascán de ghlasarnacht sailéid atá níos boige ná an ruachán féin agus téann sé go maith le tráta. Ar mhaithe leis na duilleoga is mó a shaothraítear ruachán ach is féidir an bláth a ithe chomh maith.

Leitís & Glasarnacht Sailéid Uimh.4

Mustard

An Leibhéal Deacrachta: Éadrom

An Tráth Fómhair is Túisce: deireadh an Aibreáin

Obair Ullmhúcháin

Beidh síolta de dhíth chomh maith le sorcóirí rolla páipéir leithris nó tráidirí ísle agus múirín.

An Churadóireacht

Faoi dhíon – Tosaigh i mí Aibreáin (bí cúramach an dtiocfadh laethanta saoire na Cásca salach ar an bplean). Croith na síolta 2-3cm óna chéile sa múirín i bhfeadáin nó ar thráidirí. Cuir uisce orthu agus fan go bpéacann siad, tógfaidh sin beagán le seachtain. Is féidir leitís den chineál seo a fhás taobh istigh, ar leac na fuinneoige sa seomra ranga, ó chuirtear an síol go mbíonn an planda lánfhásta.

Faoin aer – Má tá de rún na plandaí a shaothrú amuigh faoin aer freisin, tosaítear i ndeireadh an Aibreáin trí na síolta a chur i múnlaí fáis sa seomra ranga. Aistrítear amach na plandaí 3-4 seachtaine dár gcionn. Cothaítear seasamh in aghaidh an chruatain sna síolphlandaí (ionas nach athrú róthobann dóibh a bheith amuigh faoin aer) trí níos lú uisce a chur orthu agus an teocht a ísliú ar feadh 3 lá sula ndéantar a n-athchur. Roghnaigh áit a mbíonn scáth áirithe ón ngrian ionas go seachnaítear teas iomarcach ar an bplanda. Cuir na plandaí 15cm óna chéile i rónna 15cm óna chéile.

Cúram

Faoi dhíon- is planda seo is féidir a fhás taobh istigh, i bpotáí ar leac na fuinneoige. Is ceart na síolphlandaí a choinneáil óna bplúchadh agus, mar sin, iad a thanú go mbíonn tuairim is 15cm óna chéile. Tarlaíonn cur isteach ar an bplanda ag easpa nó iomarca solais nó teochta agus tarlaíonn seargadh dá bharr sin nó tréanfás (fás róthobann ar an ngas le hiomarca fuinnimh á chaitheamh ar na síolta agus gan dóthain ar na duilleoga).

Faoin aer - cuir uisce ar na plandaí má tá an lá te, nó má thagann tréimhse triomaigh. Agus bí ag faire an mbeadh seilidí drúchta san áit!

An Fómhar

Is iondúil go mbíonn an planda lánfhásta 6 nó 7 de sheachtainí tar éis don síol péacadh. Is féidir na duilleoga is leithne a bhaint den phlanda roimhe sin; mura mbaintear na duilleoga is leithne in am tráth, éireoidh siad níos crua agus is fearr ansin cócaráil a thabhairt orthu ná iad a chur le sailéad.

Is rímhaith a oibríonn "baint agus athbhaint" mar mhodh oibre fómhair maidir leis an Mustard. Ciallaíonn sin gur féidir slám beag duilleog a bhaint de gach planda go rialta agus go ndéanfaidh gach planda acu athfhás. Is féidir ar an gcaoi sin duilleoga a sholáthar go rialta ó na plandaí ar fad ar feadh roinnt seachtainí.

Is minic an cineál seo a úsáid le sailéad nó le ceapaire.

Sútha Talún

An Leibhéal Deacrachta: Éadrom An Tráth Fómhair is Túisce: tús mí Meithimh

Obair Ullmhúcháin

Fásann plandaí sú talún go maith i bpotaí nó i gciseáin chrochta agus is maith an rogha iad má tá spás garraí gann sa scoil. Ní mór cineálacha plandaí sú talún a dtagann toradh orthu luath sa bhliain a aimsiú ionas go mbítear cinnte go mbeidh siad aibí roimh dheireadh na scoilbhliana.

An Churadóireacht

Faoin aer: Roghnaigh ionad oscailte a dtagann an ghrian go minic air agus leasaigh an talamh le beagán múirín roimh ré. Sa mhúirín a dhéantar an cur, le spás 30cm idir na plandaí sa druil (ró) agus na druileanna 40cm óna chéile. Déantar poll sách domhain nach mbeidh na fréamhacha á lúbadh nuair a chuirtear an planda ach ná bíodh an poll ródhomain nó d'fhéadfadh an ceann lobhadh. Ba cheart go mbeadh an ceann cothrom go díreach le leibhéal na créafóige. Líontar an poll isteach leis an gcréafóg agus buailtear anuas é ionas nach bhfágfar aon phócaí aeir ann.

Cúram

Coinnítear neart uisce ar na plandaí nuair a bhíonn an aimsir tirim. Cuirtear cairtpháipéar nó móta, agus b'fhéidir roinnt tuí, le bun an phlanda ionas go gcoinnítear an toradh glan de réir mar a thosaíonn sé ag fás. Is lú an seans go lobhfaidh toradh a choinnítear glan ar an gcaoi sin.

An Fómhar

Baintear na sútha talún nuair a thagann dath dearg orthu. Baintear iad trína dtarraingt den ghas; ach ní mór a bheith cúramach gan strachailt róghéar a thabhairt ar an bplanda féin.

Bíonn blas álainn ar an sú talún as féin nó is iontach a chuireann siad le sailéad, deochanna caoineoige nó le gránach bricfeasta.

Cairéid

An Leibhéal Deacrachta: Meánleibhéal An Tráth Fómhair is Túisce: Mí Meithimh

Obair Ullmhúcháin

Beidh sorcóirí rolla páipéir leithris de dhíth chomh maith le múirín nó créafóg atá glan ar chlocha, síolta meacain dhearga, agus píce tráth an fhómhair.

An Churadóireacht

Faoin aer i mí Aibreáin – déantar gortghlanadh roimh laethanta saoire na Cásca; glantar salachar fiailí as an gcréafóg chomh maith le clocha. Má bhíonn clocha sa chréafóg roimh an gcairéad agus é ag fás síos go domhain, d'fhéadfadh scoilt a theacht ann nó cruth casta a theacht air.

I ndeireadh an Aibreáin (nó I bhFÍORTHÚS mhí Bealtaine an bhliain a mbíonn an Cháisc mall sa mhí sin), is féidir síol cairéid a chur sa talamh má bhíonn an aimsir go breá. Ní mór neart créafóige ag dul domhain sa talamh agus is fearr a fhásann cairéid má bhíonn an talamh saor ó chlocha. Teastaíonn neart gréine freisin agus ní mór iad a chur san ionad is mó a dtiocfaidh an ghrian orthu.

Is fearr maide a shá go deas réidh i gcréafóg bhog ionas go ndéantar clais ina líne dhíreach tuairim is 1cm síos; croitear na síolta sa chlais sin, tuairim is aon síol amháin gach 2.5cm. Coinnítear ceapach na síolta breá tais agus na síolta ag péacadh agus go dtí go bhfásann na plandaí óga.

Cé nach é an bealach is fearr é, is féidir tús a chur le fás na gcairéad faoi dhíon i mí Márta – is féidir múnla fáis a dhéanamh as sorcóirí rolla páipéir leithris ach ní foláir an múnla fáis uilig a chur sa talamh nuair a aistrítear na cairéid amach faoin aer mar ní maith an seasamh atá sa chairéad in aghaidh útamáil de chineál ar bith a chuirfeadh isteach ar an bhfás. Ó bhítear cinnte nach bhfuil clocha ar bith sa chréafóg nó sa mhúirín, is féidir na síolta a chroitheadh sa mhúnla fáis i mí Márta. Is féidir tanú a dhéanamh ar aon síolphlanda breise a fhásann agus an planda is fearr i ngach múnla a choinneáil. Déantar iad sin a chur sa talamh taobh amuigh i ndeireadh an Aibreáin (nó i rith sheachtain tosaigh na Bealtaine ar a dheireanaí murar féidir sin a sheachaint mar gheall ar dhátaí laethanta saoire na Cásca).

Cúram

Nuair atá na síolphlandaí chomh mór agus gur furasta iad a fheiceáil, déantar tanú orthu ionas go mbíonn spás tuairim is 5cm eatarthu. Glantar salachar fiailí as an gceapach chomh minic agus is féidir.

An Fómhar

Mar gheall go dtagann deireadh leis an mbliain scoile i mí Meithimh, mionchairéid a bheidh á mbaint. Is féidir an cairéad a bhogadh go deas réidh as an talamh le lián nó píce beag de réir mar is gá. Bíonn cairéid óga den chineál seo breá milis agus blasta. Is féidir iad a dipeáil in anlann, iad a ithe gan gearradh nó a ghearradh agus a chur le sailéad. Is féidir freisin iad a chur ar pháirt.

Piseanna

An Leibhéal Deacrachta: Meánleibhéal

An Tráth Fómhair is Túisce maidir le cochall piseanna: tús mí Meithimh

An Tráth Fómhair is Túisce maidir le péacáin/teannóga pise: Bealtaine

Obair Ullmhúcháin

Beidh sorcóirí rolla páipéir leithris de dhíth chomh maith le múirín nó créafóg agus na síolta féin. Is maith na cineálacha an phis gharraí, an phis mhilis agus an phis *mange tout*.

An Churadóireacht

Faoi dhíon – Is féidir a bheith ag ullmhú le piseanna a chur i dtús na Márta. Déantar ar dtús na síolta a fhágáil ar bogadh in uisce i rith na hoíche. Ullmhaítear múnlaí fáis na rollaí páipéir leithris trína líonadh le múirín. Brúitear dhá mhéar sa chréafóg ionas go ndéantar poill bheaga ina bpéirí tuairim is 4cm síos. Cuirtear dhá shíol pise i ngach múnla, ceann i ngach aon pholl. Líontar na poill leis an créafóg agus cuirtear uisce ar an múnla fáis.

Faoin aer – Is féidir na plandaí óga piseanna a aistriú amach faoin aer i mí Aibreáin nuair a bhíonn beagán fáis déanta acu agus airde beagnach 10cm iontu.

Cúram

Ní mór maide taca le plandaí piseanna agus is ceart maide tanaí a shá sa talamh le taobh gach planda ar mhaithe leis sin. Coinnítear neart uisce leis na plandaí, go háirithe agus iad ag teacht faoi bhláth. Ní gá na plandaí a chothú, tá siad breá ábalta an cothú atá de dhíth orthu a aimsiú iad féin. Baineann siad a mbíonn de nítrigin ag teastáil uathu díreach as an aer.

An Fómhar

Tiocfaidh teannóga beaga ar an bplanda piseanna. Tá siad an-bhlasta (ach ná hith a bhfuil ann acu mar is iad a bhíonn ag an bplanda ag dul in airde). Is féidir slám acu a chur le sailéad. Tarlaíonn go minic dhá bhlas a thagann le chéile go hiontach agus is iontach an péire piseanna agus miontas. Má tá miontas ag fás sa gharraí freisin, is fiú go mór an dá phlanda a bhlaiseadh in éineacht nó cócaireacht a dhéanamh, sailéad piseanna agus miontais a dhéanamh nó an dá chineál a mheascadh le prátaí brúite. Beidh na cochail piseanna réidh le baint i mí Meithimh.

Spionáiste

An Leibhéal Deacrachta: Meánleibhéal-Trom

An Tráth Fómhair is Túisce: Bealtaine

Obair Ullmhúcháin

Beidh pacáí síolta de dhíth chomh maith le sorcóirí rolla páipéir leithris agus siosúr tráth an fhómhair.

An Churadóireacht

Faoi dhíon: Is féidir leat tosú ag cur do chuid spionáiste i mí an Aibreáin (bí ar an eolas faoi shaoire na Cásca). Cóirítear sorcóirí rolla páipéir leithris ina múnlaí agus cuirtear trí cinn de shíolta ag fás i ngach ceann. Ná lig dóibh triomú agus iad ag fás.

Faoin aer: Aistrítear amach faoin aer iad nuair a bhíonn oiread fáis déanta agus go bhfuil airde ~3cm iontu. Is ceart tuairim is 30cm a fhágáil idir gach planda nuair a dhéantar iad a athchur ionas go mbíonn deis fáis acu.

Is féidir an spionáiste a chur sa talamh ón tús amuigh sa gharraí ach is deacair an rud na síolphlandaí a chosaint ar sheilidí nuair a bhíonn siad an-bheag.

Cúram

AIRE: Cé gur coitianta an rud ag garraíodóirí spionáiste a chur ag fás, níl sé chomh furasta a shaothrú le plandaí eile den chineál céanna, Seardas mar shampla. Is breá leis an seilide drúchta Spionáiste agus ó tharla nach bhfuil seasamh iontach ann in aghaidh na haimsire agus mar sin de, is minic a dhéantar tréanfás róluath, i.e. tagann airde sa ghas ach ní fhásann dóthain duilleoga. Tarlaíonn tréanfás má thagann iomarca teochta san aimsir nó iomarca triomaigh.

Áit fhionnuar thais is fearr leis an spionáiste. Ní ceart ligean dóibh triomú agus is maith an rud múirín a chur anuas ar an áit a bhfuil na plandaí curtha. Is comhartha paistí d'ábhar bog bán ar na duilleoga go bhfuil caonach liath ag teacht ar na plandaí. Is féidir sin a sheachaint ach dóthain spáis a bheith ag gach planda. D'fhéadfadh gur gá tanú a dhéanamh arís.

Má tá aon imní faoin seilide drúchta nó faoi dhuine a bheith ar fáil chun cúram a dhéanamh do phlandaí spionáiste agus iad ag fás, b'fhéidir go mba chríonna an rogha Seardas a chur ag fás ina áit.

An Fómhar

Beidh duilleoga spionáiste réidh le hithe faoi cheann idir cúig agus ocht seachtainí. Is é is fearr na duilleoga is leithne a phiocadh den phlanda taobh amuigh. Tugann sin deis fáis do na duilleoga eile sula dtagann tú á mbaint sin arís. Is féidir suas le leath na nduilleog a bhaint den phlanda tráth ar bith agus tarlóidh athfhás.

Is fearr siosúr a úsáid nó casadh bog a bhaint as na duilleoga chun iad a bhaint den phlanda seachas iad a tharraingt go garbh nó a strachailt. Is breá a théann spionáiste le sailéad nó is féidir miongherradh a thabhairt air agus a mheascadh isteach le pasta, nó cócaráil éadrom a thabhairt air agus a chur le huibheacha ar arán tósta.

Mionphónairí Francacha

An Leibhéal Deacrachta: Trom
An Tráth Fómhair is Túisce: Mí Meithimh

Obair Ullmhúcháin

NB: Ná tosaítear ar Mhionphónairí Francacha a fhás murar féidir a chinntiú go dtarlóidh uisce a chur ar na plandaí faoi dhíon (más i dteach na scoile nó i dteach cónaithe) i rith laethanta saoire na Cásca.

Is maith an cineál an Mhionphónaire Fhrancach maidir lena saothrú ar scoil ó tharla gur luaithe a bhíonn an planda lánfhásta (ó tharla gur mionchineál atá ann) agus gur túisce dá bharr sin a bheidh cochall pónairí ar fáil. Is rífhurasta a dhéanann sioc dochar don phlanda agus ní foláir dá réir sin iad a choinneáil faoi dhíon go mbíonn aon bhaol seaca glanta.

An Churadóireacht

Faoi dhíon – I dtús an Aibreáin, cuirtear poll 5cm síos sna potaí agus cuirtear pónaire (síol) i ngach poll. Líontar na poill agus cuirtear uisce ar na plandaí. Is féidir tanú a dhéanamh de réir mar a bhíonn siad ag fás ach is maith an rud beagán an iomarca a chur ar dtús ó tharla gur minic a dhéantar creach orthu.

Faoin aer – I mí Bealtaine, cuirtear na síolphlandaí sa talamh amuigh faoin aer, tuairim is 10 cm óna chéile.

Cúram

Is maith an rud neart uisce a choinneáil le pónairí agus iad ag fás agus is fiú múta – arna dhéanamh as seanduilliúr agus ábhar eile as an ngarraí – a chur ag bun an phlanda, rud a chuidíonn le fliuchán a choinneáil leo. Is gá maide a shá sa talamh a chuideoidh leis an bplanda a choinneáil ina sheasamh. Is maith an rud aer a bheith ag dul chuig gach planda agus ní mór tanúchán a dhéanamh mura mbíonn dóthain spáis ag gach ceann agus iad ag fás.

An Fómhar

Is mó a fhásann na pónairí de réir mar is mó acu a bhaintear. I mí Meithimh, is ceart iad a phiocadh, ag oibriú aníos ó bhun an phlanda. I gcochall fada glas a bhíonn na pónairí, is iad na cnapanna iad a fheictear faoin gcochall ón taobh amuigh. Nuair a scoiltear an cochall, tá sé bog ar an taobh istigh agus na pónairí go deas sábháilte ann. Is féidir iad a phiocadh amach ina gceann agus ina gceann. Tá clúdach scannáin eile fós le glanadh de gach pónaire agus is féidir ansin iad a chur ar meathbheiriú in uisce goirt, iad a chur le pasta nó a ithe le cineálacha eile glasraí ar an dinnéar.